# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

2024. S69T

2024J125C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

## Comhleibhéal

## Dé Luain 17 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:00

120 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Freagair na ceisteanna uile.
Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó peann dubh. Tá cead agat peann luaidhe a úsáid le haghaidh sceitsí amháin.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise ag cúl an leabhráin. Cuir lipéad ar obair dá leithéid go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.
Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.


### Admhálacha

| | |
|---|---|
| Grafaic C1(a) (i) leathanach 3. | https://www.pngitem.com/middle/bhJxh_bullet-train-png-photos-japanese-bullet- train-png/ |
| Grafaic C1(a) (iii) leathanach 3. | https://africachinapresscentre.org/2021/07/20/worlds-first-600km-h-high-speed- maglev-train-to-roll-out-in-china/ |
| Grafaic C1(g) (iv) leathanach 8. | https://www.indiamart.com/proddetail/philip-head-stainless-steel-screw-17802941530.html |
| Grafaic C1(g) (iv) leathanach 8. | https://www.aluids.com/product/screw-cheese-head-m4--12/ |
| Grafaic C2(a) leathanach 9. | https://extra.ie/2021/12/31/news/irish-news/wexford-flooding |
| Grafaic C3(a) leathanach 13. | https://www.zerbsdsf.xyz/products.aspx?cname=segway+scooter&cid=24 |
| Grafaic C3(a) Leathanach 13. | https://cusackelectrical.ie/products/12773 |
| Grafaic C4(a)(i) Leathanach 16. | https://rts.org.uk/article/remembering-logie-baird-ninety-years |

**Ceist 1**

**(a)** Taispeántar san íomhá traein philéir Sheapáineach.

**(i)** Déan cur síos ar ghné **amháin** de chuid na traenach seo a ligeann di gluaiseacht ar luas an-ard.



Traein philéir Sheapáineach

| Gné: 2✓ |
|---|
| Aeraidinimiciúil, cruth na traenach, tiomáint srl. |
| |
| |

**(ii)** Úsáidtear alúmanam go coitianta i ndéantús traenacha.

Bain úsáid as tic (✓) lena thaispeáint cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá alúmanam níos crua ná cruach dhosmálta | | 1✓ |
| Tá alúmanam níos troime ná cruach bhog | | 1✓ |
| Tá alúmanam níos éadroime ná prás | 1✓ | |
| Tá alúmanam briosc amhail gloine | | 1✓ |

**(iii)** Le déanaí chuir an tSín a traein phaisinéara Maglev i mbun seirbhíse. Ní shuíonn an traein seo ar an iarnród ach ina ionad sin bíonn sí ar foluain os a chionn agus ardú maighnéadach á úsáid chuige sin.


Mol **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an teicneolaíocht seo le haghaidh traenacha.



| Buntáiste 1: níl aon fhrithchuimilt ( leis an ráille), taistil níos tapúla, taisteal réidh 2✓ |
|---|
| |
| Buntáiste 2: 2✓ |
| |

**(b)** Taispeántar dearadh mic léinn le haghaidh mionsamhail oibríoch de bhacainn chrosaire comhréidh.

Bacainn chrosaire comhréidh




**(i)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar ag **S.**


| |
|---|
| Meicníocht: 1✓ |
| Siosúr / Nascáil |

**(ii)** Ainmnigh ábhar oiriúnach as a bhféadfaí na naisc don mheicníocht seo a mhonarú.

| |
|---|
| Ábhar: adhmad / miotal / plaisteach 1✓ |

**(iii)** Úsáidtear *glaschnó níolóin* chun naisc na meicníochta a cheangal.

Glaschnó níolóin




Luaigh cúis leis an rogha ceanglóra seo.

| |
|---|
| Cúis: Tá an mheicníocht saor le bogadh (1 mharc) 1✓ |
| gan an cnó a bheith scaoilte (1 mharc) 1✓ |
| |

**(c)** **(i)** Tras-seolann meicníocht **A**, san íomhá thall, gluaisne rothlach trí uillinn 90° agus tiontaíonn meicníocht **B** gluaisne rothlach ina gluaisne líneach.

Ainmnigh an mheicníocht ag **A** agus an mheicníocht **B**.





| |
|---|
| Meicníocht A: roth/giar péiste 1✓ |
| Giar péiste / beibhealghiar (beibheal amháin 0) |
| Meicníocht B: raca (agus pinniún) 1✓ |
| |

**(ii)** Sa spás thíos déan cur síos, le cabhair sceitsí, ar na próisis is gá chun an sliotán sa phainéal aicrileach a thaispeántar a dhéanamh.


- Sceitse (2)
  2 phróiseas (2 + 1)
- 2 sceitse (2 x 2)
  1 phróiseas (1)
- Gan sceitse & 2 phróiseas : 2 +1 uas


2✓
2✓
1✓



Painéal aicrileach

**(iii)** Taispeántar san íomhá thíos an bhacainn ina suíomh oscailte.
Tá *lasca teorann* mar aon leis an lasc shleamhnáin riachtanach le haghaidh oibríocht na bacainne.



Lasc teorann (cló meadaithe)




Mínigh cén fáth a bhfuil lasca teorann riachtanach.

| |
|---|
| Míniú: chun mótar (bacainn) a stopadh nuair a thagann sé go hiomlán ar shuíomh oscailte **nó** dúnta |
| 2✓ |
| |
| |

**(d)** Rollann giar **C** feadh ghiar **D**. Bain úsáid as an eolas a thaispeántar agus freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá curtha ar fáil thíos.




**(i)** Trí cé mhéad fiacail ar ghiar D a rollfaidh giar C in aon nóiméad amháin?

6 ISN x 20 Fiacail (1 mharc) = **120** Fiacail (1 mharc)

**2✓**

**(ii)** Cén t-achar ama a thógann sé ar ghiar **C** fad 300 mm a thaisteal?

300 mm / 5mm = 60 Fiacail (1 mharc)


*120 Fiacail i 1 nóiméad*


60/120 => 60 Fiacail i **30** soicind (0.5 nóiméad) (1 mharc)

**2✓**

**(e)** Críochnaigh na naisc shreinge don lasc shleamhnáin, don smeach bataire, agus don mhótar sa chiorcad simplithe rialaithe bacainne thíos (is gá **ceithre** shreang cheangail bhreise).

| | |
|---|---|
| Buí | 1✓ |
| Glas | 1✓ |
| Gorm | 1✓ |
| Dearg | 1✓ |





**(f)** Sa spás thíos, déan sceitse anótáilte de dhearadh malartach (eile) do bhacainn chrosaire comhréidh.

Aon Sceitse 1✓

Sceitse ábhartha de bhacainn 1✓

Anótáilte go hábhartha 1✓

Léiriú ar conas a oibríonn sé 1✓


( tagairt don mheicníocht / conas a oibríonn sí / sceitse den mheicníocht)

**(g)** **(i)** Sa tábla thíos, bain úsáid as tic (✓) lena thaispeáint cé acu de na crainn atá duilsilteach agus cé acu atá síorghlas.

| **Crann** | **Duilsilteach** | **Síorghlas** |
|---|---|---|
| Dair | 1✓ | |
| Péine Albanach | | 1✓ |
| Seiceamar | 1✓ | |
| Giúis Dhúghlais | | 1✓ |

**(ii)** Taispeántar an bonn adhmaid soladach ar a ritheann an bhacainn Rinneadh na heitrí agus uirlis chumhachta ar a dtugtar cuasphlána á úsáid.

Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn uirlisí cumhachta á n-úsáid.




| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta 1: **Dhá** réamhchúram sábháilteachta bhailí ar bith 2✓ |
| Caith spéaclaí cosanta, gruaig ceangailte siar, gan éadaí scaoilte, suíomh an chábla cumhachta, srl. |
| Réamhchúram sábháilteachta 2: 2✓ |
| Lámhainní 1 marc |

**(iii)** Nascadh an taobhphainéal aicrileach a thaispeántar leis an adhmad agus scriúnna á n-úsáid.

Luaigh cé acu scriú, A nó B, ba chóir a úsáid agus mínigh cén fáth a bhfuil ciumhaiseanna na bpoll leacaithe mar a thaispeántar thíos.



A B




| Scriú roghnaithe, **A** nó **B**: | A |
|---|---|

1✓

| |
|---|
| Leacaithe - míniú: ceadaíonn sé ceann an scriú suí **cothrom** / **leibhéalta** le haghaidh an ábhair. 2✓ (feistigh poill leacaithe 1 amháin) |
| |


**Ceist 2**

Ba fhadhb riamh in Éirinn iad na tuilte séasúracha.


Is gá córais chun cabhrú leis an bpobal tuilte a sheachaint ina dtithe agus ina n-ionaid ghnó.

Taispeántar sna híomhánna thíos dearadh mic léinn do chóras uathoibrithe pumpála abhraithfidh leibhéil uisce ag éirí agus a phumpálfaidh an t-uisce go dtí láthair chuí.





Amharc leis an bpainéal rialaithe tosaigh bainte as




Amharc cúil

**(a)** **(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach as a ndéanfaí na tóireadóirí agus ainmnigh meaisín nó uirlis lena bhféadfaí foircinn na dtóireadóirí a bharrchaolú.

| | |
|---|---|
| Ábhar: miotal nó miotal ainmnithe | 1✓ |
| Uirlis nó meaisín don bharrchaolú: | 1✓ |
| Deil, líomhán, líomhadóir, greanóir | |



**(ii)** Is as aicrileach atá an seastán don aonad déanta. Is teirmeaplaisteach é aicrileach. Mínigh an téarma teirmeaplaisteach.


| Teirmeaplaisteach: 2✓ |
|---|
| is féidir é a mhúnlú (a bhogadh) trína théamh |
| |
| |
| |
| |



Seastán Aicrileach

**(iii)** Sna spásanna thíos, déan sceitse d'fhorbairt an tseastáin. Taispeáin na línte lúbtha agus neas-suíomhanna na bpoll.

Forbairt:




Imlíne cheart 1✓ 2 líne lúbtha 1✓ Suíomh na bpoll 1✓

**(iv)** Ainmnigh meaisín a úsáidtear chun an seastán aicrileach a lúbadh agus liostaigh **dhá** chéim sa phróiseas lúbtha.

| | |
|---|---|
| Meaisín: stialltéitheoir / sreang the / lúbaire líne (oigheann: 0 mharc) | 1✓ |
| Céim 1: **dhá** chéim bhailí ar bith - marcáil amach, teas, lúbadh ar an bhfoirmeán | 2✓ |
| | |
| Céim 2: | 2✓ |
| | |

**(b)** **(i)** Taispeántar íomhá den bhrac atá priontáilte 3T don chaidéal intumtha uisce.

Luaigh cúis le priontáil 3T a úsáid chun an pháirt seo a dhéanamh agus ainmnigh plaisteach oiriúnach chuige sin.



| |
|---|
| Cúis: cruth casta, níos éasca a dhéanamh trí úsáid a bhaint as priontáil 3T **2✓** |
| |
| Plaisteach oiriúnach: PLA, ABS, ASA, PETP, ETG, PC, PP, PETG, PVC **1✓** |

**(ii)** Ainmnigh tiontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a bhíonn an caidéal ag oibriú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó | leictreach **1✓** | Go | cinéiteach **1✓** |

**(iii)** Is caidéal 12 volta é an caidéal intumtha uisce don aonad seo a bhfuil toilleadh/acmhainn pumpála de 8 líotar sa nóiméad aige. Cé mhéad lítear uisce a phumpálfaidh an t-aonad in aon uair an chloig?




Caidéal intumtha

Ríomh: **2✓**

8L/min x 60 nóiméad (1 mharc) = **480**

Freagra: ____________________

**(iv)** Le linn ídiú cumhachta an chaidéil a thástáil fuarthas amach gur ídigh sé 6 vata cumhachta.
Ríomh an sruth a shreabhann trí mhótar an chaidéil.

**Nóta:** Cumhacht = Voltas x Sruth


Ríomh: **2✓**

Sruth = Cumhacht / Voltas nó




6/12 ( 1 mharc)= **0.5** Aimp (1 mharc)

Freagra: ________________

**(c)** **(i)** Taispeántar san íomhá an ciorcad rialaithe don chóras pumpála.
Sa tábla thíos, ainmnigh gach comhbhall agus cuir in iúl a shuíomh (**A**, **B,** nó **C**) ar an PCB thíos.




PCB don chóras uathoibrithe pumpála

| Comhbhall | ainm | Suíomh ar an PCB |
|---|---|---|
|  | **Caidéal** 1✓ | **C** 1✓ |
|  | **Friotóir Inathraithe** 1✓ | **B** 1✓ |
|  | **Lasc** 1✓ | **A** 1✓ |

**(ii)** Cad dó a seasann na litreacha (Béarla) **PCB**?

| | | |
|---|---|---|
| **P: Priontáilte** 1✓ | **C: Ciorcad** 1✓ | **B: Clár** 1✓ |

**Ceist 3**

**(a)** D'fhorbair Dean Kamen,, aireagóir Meiriceánach, an chéad iompróir pearsanta féinchothromaithe leictreach dhárothach tráchtála.Seoladh é in 2001.Tá cuid mhaith leaganacha malartacha den smaoineamh seo á monarú ag déantúsóirí eile anois.





I múnlaí níos nua de na gléasanna seo, déantar an stiúradh gan ach claonadh sa treo ina dteastaíonn uait gluaiseacht.

**(i)** Mol buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hiompróirí pearsanta dhárothacha leictreacha.

| | |
|---|---|
| Buntáiste: éasca a 'stiúradh/ chasadh', áitíonn siad spás beag, srl. | 2✓ |
| Éifeachtúil ó thaobh costas de, astaíochtaí ísle, srl. | |
| Míbhuntáiste: tá athluchtú ag teastáil, sábháilteacht (guais tine –ceallra), srl. | 2✓ |
| | |


**(ii)** Mínigh cén fáth a mbíonn dhá mhótar ag teastáil chun an cineál seo iompróra a oibriú.

| | |
|---|---|
| Freagra: stiúradh | 2✓ |
| | |
| | |

**(iii)** Úsáidtear cruach i bhfráma inmheánach na n-iompróirí seo.
Luaigh airí **amháin** atá ag cruach a dhéanann í rogha oiriúnach mar ábhair.

| | | |
|---|---|---|
| Airí: | neart | 1✓ |

**(b)** Taispeántar dearadh mic léinn do bhréagán dhárothach féinchothromaithe le gluaisne chun tosaigh.
Nuair a bhí an dearadh á thástáil, fuair an mac léinn amach go raibh meáchanlár chabhail an bhréagáin ró-ard.




**(i)** Céard a bheadh tugtha faoi deara ag an mac léinn ba chúis le teacht ar an gconclúid sin dó agus conas a d'fhéadfaí an fhadhb a réiteach?

| |
|---|
| Tugtha faoi deara: corp ag iompú bunoscionn, míshocair **2✓** |
| |
| |
| Réiteach: meáchanlár a laghdú trí mheáchan a chur leis an mbonn nó **2✓** |
| Airde a laghdú ( agus meáchan) den chuid uachtarach den seastán |
| |
| |

**(ii)** Gearradh na rothaí le léasar as clár monaraithe.
Ainmnigh clár oiriúnach chuige sin.


| |
|---|
| Clár monaraithe: aon chlár bailí **1✓** |

MDF, Sraithadhmad,

Crua-chlár Slíschláir,

plaisteach, miotal,

adhmad = 0






**(iii)** Chun an bréagán a bhogadh ar luas oiriúnach agus le dóthain *toirc*, roghnaíodh an giarbhosca a thaispeántar san íomhá thuas.

Sa chomhthéacs seo, mínigh an tearma torc.

| |
|---|
| Torc: fórsa casta, nóiméad casta **2✓** |
| 'Ag casadh' amháin : 1mk, T=F x d :1 mk |


**(iv)** **(i)** Taispeántar amharc taoibh (taobhchló) de chorp an bhréagáin.
Déan sceitse de theilgean ingearchló an choirp sa spás atá curtha ar fáil (is féidir na poill a fhágáil ar lár).




Méid 1✓ I gcomhréir 1✓

**(ii)** Bain úsáid as na siombailí do na comhbhaill chiorcaid a thugtar agus déan líníocht 2T den chiorcad rialaithe le haghaidh an bhréagáin sa spás thíos.



## Ceist 4



John Logie Baird

Sa bhliain 1926, thug an t-aireagóir Albanach, John Logie Baird, an chéad taispeántas poiblí d'fhíorchóras teilifíse, agus sheol sé réabhlóid i gcúrsaí cumarsáide agus siamsaíochta.

**(a)** **(i)** Rinneadh cuid mhaith dul chun cinn i dteicneolaíocht teilifíseán le blianta beaga.

Liostaigh **dhá** dul chun cinn dá leithéid.

| | |
|---|---|
| 1. Dhá dhul chun cinn bailí ar bith : Scáileáin HiDef, OLED, satailít & ilchainéalach, srl. | 2✓ |
| 2. rochtain idirlín ar an Teilifís, cluichí a imirt, Fuaim, srl. | 2✓ |


**(ii)** Úsáidtear solas infridhearg go forleathan sa teicneolaíocht.
Tá oibriú cianrialtáin teilifíseáin ar cheann amháin de na samplaí is coitianta dá leithéid.

Ainmnigh gléas **amháin** eile a úsáideann solas infridhearg.



| | |
|---|---|
| Freagra: ceamaraí teirmeacha, ceamaraí oíche, lampaí téimh, braiteoirí teasa, srl. | 1✓ |

**(iii)** Taispeántar dearadh mic léinn do sheastán rothlach teilifíseáin atá cianrialaithe.





Is féidir leis an gcuid uachtair den seastán casadh ar imthaca 'Lazy Susan' atá cumhachtaithe ag an gcóras leictrimheicniúil a thaispeántar.

Mínigh feidhm imthaca 'Lazy Susan' sa dearadh.

| | |
|---|---|
| Freagra: frithchuimilt a laghdú, ligeann sé an seastán rothlú gan srian, srl. | 2✓ |
| | |


**(b)** Taispeántar san íomhá amharc tosaigh chomhbhaill an chórais rialaithe le haghaidh an tseastáin.




Nuair a bhíonn an mháistirlasc air agus nuair a bhrúitear an cianrialtán infridhearg, rothlaíonn an seastán ar deiseal. Nuair a shroicheann an seastán a shuíomh lánrothlaithe, tagann sé i dteagmháil leis an micrealasc **L** agus stopann an mótar.
Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hionchuir thuas mar seo a leanas:

Máistirlasc air = Leibhéal Loighce 1 (Máistirlasc as = Leibhéal Loighce 0)
Glacadóir infridhearg brúite = Leibhéal Loighce 1 (níl brúite = 0)
Micrealasc **L** brúite = Leibhéal Loighce 1 (níl brúite = 0)

**(i)** Ainmnigh na geataí loighce B agus C a theastaíonn chun an córas seo a oibriú.




| | |
|---|---|
| Geata Loighce A | AGUS (Tugtha) |
| Geata Loighce B | NÍ (NOT) 1✓ |
| Geata Loighce C | AGUS (AND) 1✓ |

**(ii)** Críochnaigh an tábla fírinne don gheata loighce AND thíos.

| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 1 | 1 | **1** 1✓ |
| 1 | 0 | 0 (tugtha) |
| 0 | 1 | **0** 1✓ |
| 0 | 0 | **0** 1✓ |

**(c)** Tá an feireadh ciorcaid (don seastán) déanta as leathán de Pholaistiréin Ardtuinsimh. (HIPS sa Bhéarla).




Feireadh ciorcaid

**(i)** Ainmnigh an meaisín a úsáidtear chun an feireadh a dhéanamh agus uimhrigh na ceithre chéim eile **ina ord ceart** chun an feireadh a dhéanamh.
Tá an chéad chéim uimhrithe duit.

| Ainm an mheaisín: Folúsfhoirmiú, (Teirmea = 0 ) 1✓ |
|---|

| Céimeanna sa phróiseas | Ord | |
|---|---|---|
| Tar éis fuaraithe, aisiompaigh an folúschaidéal chun an plaisteach a scaoileadh. | Uimh. 5 | 1✓ |
| Nuair a bhíonn an plaisteach sách bog, cas as an teas agus ardaigh an pláitín. | Uimh. 3 | 1✓ |
| Chuir an foirmeán isteach sa mheaisín agus clampéail an plaisteach ina shuíomh. | Uimh. 2 | 1✓ |
| Cas air an eilimint téimh roimhré. | 1 (tughta) | |
| Cas air an folúschaidéal agus cas é nuair a bheidh an plaisteach foirmithe. | Uimh. 4 | 1✓ |

**(ii)** Taispeántar an brac ar a bhfuil mótar an ghiarbhosca feistithe ina fhoirm chomhréidh agus ina fhoirm lúbtha.
Roghnaigh miotal oiriúnach don bhrac agus luaigh cúis le do rogha.




| |
|---|
| Miotal oiriúnach: miotal ainmnithe 1✓ |
| Cúis le do rogha: cúis bhailí 2✓ |
| |
| |

**(iii)** Déan cur síos ar phróiseas lúbtha an bhraic miotail.

| |
|---|
| Córas lúbtha: 2 chéim - marcáil amach, clampa sa suíomh, lúb 1✓ |
| (an chéad phróiseas ceart 1 mharc, an dara próiseas ceart 1 mharc) 1✓ |
| |

Spas breise scribhneoireachta.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dé Máirt 14 Meitheamh
Maidin 9:30 - 11:00